

Title	Gnéithe de shaol an Oileáin in Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin
Authors	NI Riain, Isobel
Publication date	2016
Original Citation	NI Riain, I 2016, 'Gnéithe de shaol an Oileáin in Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin', Bliainiris, vol. 11, pp. 192-209. < https://www.academia.edu/33768280/_Gn%C3%A9ithe_de_Shaol_an_Oile%C3%A1in_in_C%C3%ADn_Lae_Eibhl%C3%ADn_N%C3%AD_Sh%C3%BAilleabh%C3%A1in_Bliainiris_11_2016_192_209 >
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Link to publisher's version	https://www.academia.edu/33768280/_Gn%C3%A9ithe_de_Shaol_an_Oile%C3%A1in_in_C%C3%ADn_Lae_Eibhl%C3%ADn_N%C3%AD_Sh%C3%BAilleabh%C3%A1in_Bliainiris_11_2016_192_209
Rights	© 2016, the Author.
Download date	2026-09-16 09:31:07
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/18554

Teideal: Gnéithe de shaol an Oileáin ó *Chín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*.

Isobel Ní Riain

Achoimre:

Is é is tábhachtaí liom san alt seo ná tábhacht an bhaile, tábhacht an Gemeinschaft, sa saothar *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*. Bean óg a bhí inti nuair a thosnaigh Eibhlín ag scríobh na dialainne. Bhí cónaí uirthi ar an mBlascaod Mór i gCo. Chiarraí. Is féidir oileán fileata Mháirtín Uí Dhireáin, a bhí bunaithe ar Inis Mór, Árainn, a mheas i dtarmaí an Gemeinschaft chomh maith. Murab ionann agus Gemeinschaft Mháirtín Uí Dhireáin, níl muintir oileán Eibhlín ar aon dul lena chéile. Tá éagsúlacht le sonrú eatarthu. Déanann Eibhlín Ní Shúilleabháin cur síos ar an saghas oibre a dhéantar ar an oileán. Déanann sí trácht ar shaol na gcailíní agus saol na mbuachaillí agus ar an saoirse a bhíonn acu in áit nach bhfuil sagart ná garda ann. Is é an smacht sóisialta is tábhachtaí agus is éifeachtaí ná an gáire a dhéantar faoi dhaoine. Glaotar an ‘leibhéal’ air seo. Cé go bhfuil Eibhlín an-sásta léi féin san oileán, tosnaíonn sí ag machnamh ar dhul go Meiriceá. D’fhéadfaí a rá go raibh brú uirthi a leithéid a dhéanamh toisc go raibh na daoine óga go léir ag imeacht. Cuntas dhuine óig atá anseo rud a dhealaíonn an saothar seo amach ó chuntais Pheig Sayers agus ó chuntais Thomáis Uí Chríomhthain.

Title: Gnéithe de shaol an Oileáin ó *Chín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*.

Summary:

My primary focus in this article is the importance of home and the importance of the Gemeinschaft in the book *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*. Eibhlín was a young woman when she began writing the diary. She was living on the Great Blasket Island in Co. Kerry. Máirtín Ó Direáin’s poetic island which was inspired by Inis Mór, Árainn, can also be seen in terms of the Gemeinschaft. Unlike Ó Direáin’s Gemeinschaft, however, the people of Eibhlín Ní Shúilleabháin’s island are not all alike. There are marked differences between them. Ní Shúilleabháin describes the type of work people did on the island. She describes the lives of the boys and girls and the freedom they had living in a place that had no priest and no garda. The most important form of social control on the island was laughter itself. This was called ‘leibhéal’ or levelling. Even though Eibhlín was very happy with life on the island, she became restless and began to think of going to America. There was a lot of pressure to emigrate because most of the young people on the island were leaving. This is a young person’s account which distinguishes it from Peig Sayers’ books and Tomás Ó Criomhthain’s.

Gnéithe de shaol an Oileáin ó *Chín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*.

An Baile – An Gemeinschaft:

Is mó áit a luaitear sa chín lae ag Eibhlín Ní Shúilleabháin. Is é an áit is tábhachtaí acu siúd áfach ná ‘an baile’. Ní ‘home’ atá i gceist leis an bhfocal seo aici ach ‘village’. Míníonn Muiris Mac Conghail an rud a bhí i gceist leis an mbaile san oileán:

The village on the Great Blasket, known simply as An Baile (the village), was quite an elaborate one. It was divided in two halves. That nearest An Caladh (the harbour) at the bottom was known as Bun an Bhaile (bottom of the village) and the top half was known as Barr an Bhaile (top of the village). (Mac Conghail 1988: 37)

Bhí pobal an oileáin ina chónaí insa bhaile seo. Dar le Seoirse Mac Tomáis bhí baile beag ar an mBlascaod ag dul siar chomh fada leis an seachtú céad déag (Mac Tomáis, 1977: 3). Sa phobal beag bhíodh na daoine ag dul ar cuairt chuig a chéile go laethúil. D’fhéadfaí a rá gur Gemeinschaft ab ea an pobal beag seo. Pobal beag a mhaireann go dlúth le chéile agus a chabhraíonn le chéile go laethúil chun teacht slán is ea an Gemeinschaft. Baineann an téarma seo le teoiric Ferdinand Tönnies (socheolaí Gearmánach, 1855-1936). Cuireadh an teoiric seo i bhfeidhm ar shaothar Mháirtín Uí Dhireáin sa leabhar *Máirtín Ó Direáin – Carraig agus Cathair*. Ar leibhéal amháin ba Gemeinschaft an Blascaod Mór ach ar leibhéal eile bhí indibhidiúlachas ag baint leis na daoine ann a chuireann teoiric Tönnies as a riocht beagán. Maidir le Gemeinschaft liteartha Uí Dhireáin d’áitigh Ní Riain gur ‘pobal aonchineálach an Gemeinschaft’ (2002: 31), ach nuair a léimid *Cín Lae Eibhlín Uí Shúilleabháin*, feicimid nach pobal aonchineálach pobal an Bhlascaoid más Gemeinschaft féin é ar shlí eile. Oileán idéalaithe gan amhras oileán Uí Dhireáin murab ionann agus oileán Ní Shúilleabháin. Cuntas réalaióch is ea an cín lae dar liom. Cuireann Eibhlín muintir an oileáin os ár gcomhair mar dhaoine go bhfuil a lochtanna féin acu. Níl an fhoirfeacht chéanna ag baint leo is a bhíonn ag baint le hoileánaigh fhilíocht Uí Dhireáin.

Cuireann Eibhlín na comharsana go léir os ár gcomhair mar dhaoine go bhfuil saintréithe agus pearsantacht éagsúil acu. Níl aon oileánach idéalaithe sa leabhar ach scata daoine go bhfuil a saol féin á gcaitheamh acu bíodh go mbíonn siad ag cabhrú lena chéile i gcónaí ó thaobh cúrsaí iascaireachta de. Sampla maith den éagsúlacht seo agus den iomaíocht a bhí le brath eatarthu is ea an lá go ndéanann Eibhlín agus a deartháir Muiris an t-iasc a fuair a ndeartháir Seán a ghlanadh agus a chur ar salann fad is a bhí iasc na n-iascairí eile fós ar an gcaladh:

...do [bhí] mórtas orainn dá bharr mar, an bheirt eile a bhí in aonacht le Seán, do bhí a gcuid éisc ar an gcaladh agus do bhí iontas orthu nuair a chonaiceadar sinne agus é ar salann againn go breá luath ar maidin. (Ní Shúilleabháin 2002: 99)

Bíonn muintir an phobail seo in iomaíocht lena chéile ar leibhéal éigin. Sin rud nach samhlaítear leis an Gemeinschaft idéalaithe.

Tréith eile a bhaineann leis an Gemeinschaft is ea an tslí go gcabhraíonn baill an phobail bhig lena chéile. Cuireann Yi-Fu Tuan síos ar an ngné seo in alt dar teideal: ‘Strangers and Strangeness’:

In a traditional community of kinsfolk and neighbors, mutual assistance in times of need is commonplace because they are frequent and urgent. Exchanges occur in closed small circles. Reciprocity takes place between people who know each other and have the means to help. The basic idea is: you give me this and I will give you that, either in material goods or in assistance. What is to be exchanged and under what conditions are well understood and sometimes stated in explicit terms. One way to characterize this type of narrow reciprocity is “back-scratching.” I scratch your back and you, in turn, will scratch mine. The system of mutual help, put bluntly thus, lacks any note of spiritual elevation. But people whose standard of living is not far above survival cannot afford to be uncalculatingly generous. (Tuan 1986: 14)

Cé go dtiocfainn leis an méid a deir Tuan thuas, fós féin ní i gcónaí a bhí an duine eile ábalta ar chabhair a thabhairt mar chúiteamh ar an gcabhair a fuarthas. Tugann Tomás Ó Criomhthain cur síos ar an gcaidreamh a bhí ag a mhuintir féin ar na comharsana béal doiris. Bhíodar muintir Thomáis i gcónaí ag tabhairt bia agus cabhrach dóibh. Ní raibh sé ar chumas na ndaoine sin (Tomás Maol, an chailleach bhéal doiris agus a mac atá i gceist) mórán a dhéanamh do mhuintir Uí Chriomhthain thar n-ais. Mar sin féin lean an chabhair aontaobhach ar aghaidh toisc gur comharsana ab ea iad (Ó Criomhthain 2002: 27)

An saol laethúil ar an oileán:

An difríocht is mó idir *Cín Lae Eibhlín Ní Shuilleabháin* agus *Peig – A Scéal Féin* ná aois an té atá ag caint sa dá leabhar. Cuntas sheanmhná atá againn i leabhar Pheig Sayers ach cuntas ógmhná atá againn i leabhar Eibhlín Ní Shuilleabháin. Bíonn Eibhlín gafa ag cleasanna agus pleidhcíocht na hóige. Rince, cúléisteacht, scríobh litreach grá thar ceann duine eile gan chead, geit a bhaint as cailíní óga. Sin iad na rudaí a líonann laethanta agus oícheanta Eibhlín. Bíonn a mhalairt de chúram ar Pheig gan amhras. Saolú pháistí, bás pháistí, páistí a bheith ag dul ar imirce a bhí mar ábhar ag Peig agus í ag tabhairt a cuntais ar a saol. Bíonn obair chrua le déanamh ag an mbeirt bhan: móin a thabhairt abhaile ón gcnoc an obair ba mheasa a bhí le déanamh acu. Obair na mban ab ea é seo de réir dealraimh.

Cúram crua eile a bhí le déanamh go rialta dar le hEibhlín ná dul don tobar agus uisce a thabhairt abhaile. Is minic a bhíodh uisce gann ar an oileán.

Do bhíos ag níochán ó mhaidean agus cancar maith a bhí orm mar ní raibh braon uisce le fáil in aon tobar ar an mbaile agus chaithinn a bheith ag brath leis, ach do bhí tobar thíos i bhfaill go dtugtar Tobar Chuas an Tairbh air, agus is dócha mara mbeadh é sin go mbeinnse gan níochán insa lá inniu ach, más ea, ba mheasa dhom aon ghalún amháin uisce a thugainn as ná gach a raibh eile déanta agam, mar bhí an t-ard go léir im choinne agus an-obair a bheadh agat ar theacht aníos in aon chor ar barra ann. (2002: 32)

Uaireanta bhíodh an tobar seo gan uisce chomh maith agus bhíodh uirthi dul níos faide ó bhaile:

Níl braon uisce insa toibreacha an aimsir seo, agus tá a rian air. Tá turas fada orainn ag dul go Tobar an Bhuaileteora ag níochán. Is é Tobar na hAille a bhíodh i gcónaí againn chun níocháin, ach anois nuair atá sé tirim tá orainn dul go Tobar an Bhuaileteora, agus turas maith fada, leis, is ea é. (Ibid 64)

Gan amhras is iad na mná a bhíonn ag níos. Ba dhóigh leat go mbeadh na fir níos ábalta ar dhul don tobar don uisce ach is dealraitheach gur obair mhná ab ea an cúram seo leis.

Tá píosa ag Tomás Ó Criomhthain ar cheann des na toibreacha sa leabhar *Allagar na hInise* agus ní haon mholadh atá i gceist ann dála na mban:

Tá tobar thuas romham a dtugaim féin an Tobar Beannaithe air ach baistean an chuid is mó Tobar an Phoncáin air. Is dócha ná fuil aon tobar eile in Éirinn a lonnaíonn a oiread ban ann i rith an lae leis an dtobar seo agus pé duine a chuir i gcomórtas leis na géanna iad níorbh olc mar údar é.

Prátaí agus móin a bhí ar siúl acu agus ar an uain seo de ló, agus ar an gcaint a bhí ar siúl acu, do cheapfá gur anuas ón spéir a bhí a dtuirleacan agus sort éigin feasa fachta ó Pharthas acu....

Bainim amach an Tobar Beannaithe. Mura raibh mná ina stad ann ní lá go maidin é. Bhí buicéad is fiche ann, agus ní ceal uisce a choimeád ann iad ach ag ciorrú an lae ag salmairecht lena chéile. (Ó Criomhthain 1977: 214-215)

Ní nós le Tomás Ó Criomhthain a bheith ag cáineadh na mban, lasmuigh den chailleach bhéal doiris, b'fhéidir, ach féach anseo é agus é ag maslú eolas na mban. An é nach cóir do mhná a bheith ag caint go húdarásach ar phrátaí agus ar mhóin? Nach minic a bhíonn scata fear ag cur an tsaoil trí chéile in *An tOileánach* agus in *Allagar na hInise*?

Cé go mbíonn sé deacair an mhóin a thabhairt chun an tí agus an aimsir go maith bíonn an cúram seo i bhfad níos deacra nuair a bhíonn droch-aimsir ann. Má bhíonn an aimsir ró-fhliuch, ní féidir é seo a chur i gcrích in aon chor. An-mhinic bíonn ceo ar an oileán agus bíonn an baol ann go rachadh an té a bheadh ag triail ar mhóin amú ar a bhealach suas an cnoc nó ar a shlí abhaile.

Ar an 4 Bealtaine, 1923 – ‘bhí ceo ana-dhorma ann agus gan faic le feiscint agam.’ (Ní Shuilleabháin, 2002: 3) Buaileann eagla Eibhlín agus casann sí abhaile arís bíodh go bhfuil sí neirbhíseach go leor roimh an bhfáilte a gheobhaidh sí ag baile agus gan aon mhóin faighte aici. Ní mar sin atá áfach mar bhí eagla orthu siúd go raibh rud éigin tarlaite di ar an tslí. Tá Eibhlín meáite ar gan dul ar an gcnoc arís a leithéid de lá: ‘Mise dá rá leat gur fada arís go raghadsa insa chnoc im aonar agus go mórmhór lá ceoigh mar an lá inniu.’ (Ibid)

Cailíní agus buachaillí:

Is mó cuntas ag Eibhlín ar eachtraí a léiríonn an tsaoirse mhór a bhí ar an mBlascaod maidir le ‘cuileachta’ na gcailíní agus na mbuachaillí. Sa chuntas aici buaileann na daoine óga lena chéile i dtithe a chéile agus go mórmhór ag barra na trá. Bíonn seisiúin cheoil ann agus rince. Bíonn buachaillí agus cailíní ag siúl amach lena chéile. (Tugann Tomás Ó Criomhthain le fios gur thosnaigh sé féin ag cur suime sa ‘chúirtéireacht’ nuair a bhí cúig bliana déag d’aois sroichte aige (Ó Criomhthain 2002: 32)) Is fiú cuimhneamh nach raibh aon sagart ar an Oileán. Ní raibh an oiread céanna smachta ar dhaoine óga is a bhí in áiteana eile. Cuireann Eibhlín agus na cailíní eile an-suim i ndaoine atá ag siúl amach lena chéile. Bíonn siad ag spiaireacht orthu. Inseann sí dúinn faoi Pheig Bheag agus faoi Thomás Sheáin atá ‘ag siúl le chéile le ceathair nó cúig do bhliana’ (Ní Shuilleabháin 2002: 154).

Bíonn siad ag siúl le cois a chéile gach oíche siar chun barra na trá nuair a bhíonn an ghealach ann, agus bíonn siad inár bhfochair féin gach oíche a bhíonn dorcha ach, más ea, ‘om briathar ná ligeann sé ‘na caora strae í an uair sin, leis, mar ná fuil aon oíche ná go raghaidh sé go béal an doiris léithi. Níl aon rud ná go ndeireann sé léi, agus í sin leis comh maith, agus is dócha gur rud deas, leis is ea é. (Ibid 154-5)

Ní fhágann sin go bhfaighidh siad aon phríobháideachas fiú amháin in áit iargúlta mar an Blascaod mar bíonn na cailíní dá leanúint taobh istigh den chlaí ag éisteacht le gach a ndeir siad. Tá smacht ag an bpobal beag ar dhaoine fiú amháin más ag magadh a bhíonn daoine. Nuair a thosnaíonn Peig Bheag agus Tomás Sheáin ag pógadh a chéile, bailíonn Eibhlín agus Eibhlís Bheag leo mar ní féidir leo ‘a thuilleadh foighne do dhéanamh’ (Ibid 156). B’fhéidir nach rabhadar ábalta an gáire a choimeád faoi smacht mar rud greannmhar dar leo póg a thabhairt do bhuachaill – deir sí gur ‘phógadar a chéile ar nós dhá leanbh.’ (Ibid)

Bíodh go raibh saoirse áirithe ag na daoine óga, fós féin ní bhíonn na buachaillí agus na cailíní sásta teacht isteach i dteach Eibhlín má bhíonn a hathair ann. Bíonn eagla orthu roimhe. Deir Eibhlín gur fearr léi féin comhlúadar na mbuachaillí ná comhlúadar na gcailíní (Ibid 105). Nuair a thagann a hathair ar an gcuideachta gan choinne bíonn náire ar an mbeirt chailín agus ar an mbeirt bhuachaill atá bailithe le chéile sa teach (Ibid 105). Cé go bhfuil a lán saoirse ag an lucht óg san Oileán sa tréimhse seo, fós féin bíonn údarás ag na seandaoine agus go mórmhór ag an athair sa chás seo.

Maidir le comhionannas idir fir agus mná, is dócha nár tháinig a leithéid i gceist puinn san oileán. Bhí cúraimí éagsúla acu. Bhíodh na mná ag dul go dtí an tobar don uisce agus ag níochán, ag tabhairt na móna abhaile ón gcnoc, ag tabhairt aire dá bpáistí, ag cócaireacht agus mar sin de. Bhíodh na fir ag iascaireacht agus ag obair sa ghort, cé go mbíodh na mná leis ag obair sa ghort, agus gan amhras bhíodh na fir ag baint na móna. Ach bíodh sé sin mar atá, is léir go raibh an tuairim ann le linn Eibhlín go raibh na fir níos cumasaí ná na mná, deir Eibhlín:

...tá sé ráite riamh gur fearr lán dorn d’fhear ná lán gad do mhnaoi, agus is fíor é mar is dócha go mbíonn sé bainte insa bhfear a bheith láidir. Is é mo thuairim dá raghadh buachaillín beag le bean mhór go gcuirfeadh sé i ndiaidh a cúil í, ach is dócha gub ea a bhíonn na cnámha bog inti agus ní mar sin don bhfear – is mar a chéile gach géag leis nó iarann. (2002: 16)

Smacht Sóisialta:

Lá eile tosaíonn sé ag cur báistí agus Eibhlín agus Eibhlís Bheag ag tarrac mhóna. Tá fonn orthu casadh ar an mbaile ach dar leo bheadh gach éinne ag gáire fúthu dá bhfillfidís gan mhóin. (Ibid 92) Smacht sóisialta is ea é seo – social control – bíodh nach bhfuil ann ach gáire, ní theastaíonn ó éinne go mbeadh an pobal ag gáire fúthu. Tá sampla eile den smacht seo sa chuntas san áit go bhfillleann bean ón Daingean agus an t-iasc gan a bheith díolta aici. Is é a thugann lucht an oileáin ar an ngáire seo a dhéantar faoi dhaoine go dteipeann orthu a gcuid dualgaisí a chomhlíonadh ná ‘leibhéal’:

Is mó gáire atá déanta againne fé bhean ón mbaile do chuaigh ‘on Daingean ag díol éisc, mar is í an chéad bhean riamh feicthe againne í, agus is mó leibhéal atá déanta uirthi mar, an bhean bhocht, do tháinig sí abhaile arís agus gan an t-iasc díolta aici. (Ibid 162)

Sa phobal beag níor theastaigh ó éinne a bheith ina staicín áiféise. Slí an-éifeachtach chun daoine a smachtú in áit nach raibh sagart ná garda ab ea an gáire nó an leibhéal seo go ndéanann Eibhlín féin trácht air. Tá leabhar scríofa ag Henri Bergson ina bpléann sé tábhacht an gháire: *Laughter – An Essay on the Meaning of the Comic*. Deir sé: ‘In laughter we always find an unavowed intention to humiliate, and consequently to correct our neighbour, if not in his will, at least in his deed.’ (Bergson 2008: 66)

Is dócha go bhféadfaí a áiteamh gurb ionann an gáire seo, an leibhéal seo, agus smacht sóisialta agus go dtarlaíodh a leithéid nuair a bhíodh duine éigin ag éirí ró-mhórtasach as féin, dar leis an bpobal. Tá cuntas ag Seán Pheats Tom Ó Cearnaigh sa leabhar *Fiolar an Eireabail Bháin*, ar an lá gur cuireadh an chulaith éadaigh nua air féin. Téann sé amach agus an-mhórtas air ach má théann buaileann sé leis an bhfile Seán Ó Duinnshléibhe a bhuaileann bob air láithreach:

Agus bhí sé ag caint liom fhéinig is ag baint cainte asam. Bhíos ag féachaint air sin agus ní rabhas ag féachaint ar an mbó chuige. Bhíos ag bagairt liom. I gceann tamaill, ní chuala faic ach *Plup! Plup!* Déanta ag an mbó. Dheara, th’anam ‘on diabhal, isteach idir dhá shúil orm – mo chuid éadaí báite ar fad! (Ó Cearnaigh 1992: 15)

Glaonn Seán Pheats Tom ‘rógaireacht’ ar a leithéid. Ach b’fhéidir go raibh iarracht den smacht sóisialta leis ann. Má bhí éirí in airde ar éinne, bhíodhas le cic sa tóin a thabhairt dó.

Féach leis go raibh iarracht den indibhidiúlacht ag baint leis an leaid óg sa chuntas céanna. Teastaíonn uaidh a bheith éagsúil leis na páistí eile. Teastaíonn uaidh go mbeadh formad orthu nuair a fheicfidís na héadaí nua air féin: ‘Bhí culaith nua orm anois rud nach raibh ar aon bhuachaill eile agus nuair a gheobhainn amach go mbeidís ag féachaint orm agus go mbeadh formad acu liom.’ (Ibid 14)

Ní réitíonn an dearcadh seo le meon an Gemeinschaft ach ní dúirt éinne riamh, go bhfios domhsa, go raibh a leithéid d’áit ann i ndáiríre.

Imeacht ó bhaile:

Tríd an gcuntas ar fad bíonn tagairtí don Oileán Úr agus do dhaoine a bhíonn ag fágaint an bhaile. Is é ‘home’ an Bhéarla atá i gceist anseo gan amhras agus ní an ‘village’ úd a bhí i gceist agam i dtosach an ailt seo. Uaireanta bíonn fonn ar Eibhlín imeacht chomh maith:

Is gearr eile a bheidh aon duine anso: tá siad uile go léir ag imeacht as. Na cailíní go mór mór, aon chuid acu go bhfuil neart acu air, tá siad ag glanadh as, agus tá sé comh maith acu. (2002: 79)

Ach, mar sin féin, braitheann Eibhlín uaigneach nuair a bhíonn sí as baile thar oíche fiú amháin:

Níl aon áit mar an baile; ní fhéadfá déanamh dánúil in aon áit eile ach ann, daoine go mór mór. Tá daoine eile is cuma leo cá mbeidh siad déanfaidh siad a mbaile do, ach ní duine acu mise. Ní dhéanfaínn go deo in aon áit mar a dhéanfaínn age baile. (Ibid 81)

Ní bhraitheann Eibhlín compordach in áit ar bith lasmuigh den bhaile. Is minic a bhíonn ar Eibhlín an oíche a chaitheamh i nDún Chaoin toisc an aimsir a bheith ró-dhona le filleadh ar an mbaile. Más ea ní mó ná sásta a bhíonn sí i dtigh daoine eile:

Is dócha ná fuil aon áit ar an saol mar do bhaile agus do thigh féin. Ní bhím go deo comh sásta in aon áit is ‘bhím age baile. Do bheadh neart agat suí nuair ba mhaith leat é agus ní mar sin d’áit iasachta: do chaithfeá a bheith ag déanamh rud éigin i gcónaí mar nuair a chíteá an líon tí ar fad sáite in obair dob ait leat féin a bheith díomhaoin ‘na measc. (Ibid 143)

Ach mar sin féin, lá go mbíonn an aimsir go dona is geall le príosún an t-oileán dar le hEibhlín: ‘Táimid chomh holc le lucht an phríosúin féin, agus an deabhadh go léir a bhí againn leis an lá inniu.’ (Ibid 96)

Leanann daoine orthu ag fágaint an oileáin agus dar le hEibhlín tá deireadh leis an oileán mar áit chónaithe:

Is cosúil le ártach báite an áit seo anois – gach éinne ag iarraidh é a dh’fhágaint nuair a ghaibheann sé an seans air. Cuid acu ag imeacht go dtí an Oileán Úr agus cuid eile ag imeacht anso agus ansúd ag lorg slí bheatha dhóibh féin. Is mór é m’fhormad leo mar ní gá dóibh fanacht insan ártach báite in aon chor, agus ní mar sin domsa – caithfead fanacht ann go ceann tamaill eile, ach go háirithe, mar nár mhaith liom m’athair a dh’fhágaint ina aonar toisc ná fuil aon duine aige ach mé féin. (Ibid 119)

Fós féin bíonn Eibhlín leis ag súil le himeacht go Meiriceá: ‘...b’ é an rud é sin gurbh fhearr liom ná aon ní go mbeinn insa nóimint sin ar bord na loinge ag triall go dtí an Oileán Úr.’ (Ibid 122)

Éiríonn le hEibhlín dul go Meiriceá. Gan amhras bhí sé i gceist ag Peig Sayers dul ann chomh maith nuair a bhí sí óg, ach níor tháinig an t-airgead don ticéad. Ón uair go mbíonn na cailíní ag imeacht go Meiriceá, bíonn brú ar na buachaillí dul sall chomh maith (Ibid 125). Críochnaíonn an Cín Lae le cuntas ar bhuachaill a cuireadh abhaile arís ón Oileán Úr toisc gan dóthain scolaíochta a bheith air.

Ainmneacha daoine:

Mar a mhínigh mé i gcás Pheig Sayers, ba mhinic an áit darbh as duine níos tábhachtaí ná ainm an duine mar lipéad aitheantais (Ní Riain, 2015: 46). I gcásanna áirithe ní fhaighimid eolas ar ainmneacha daoine sa Chín Lae ag Eibhlín. Deir sí linn carb as do dhaoine: ‘cailín an Daingin’ (2002: 54) agus ‘fear Shasana’ (Ibid 100). Deir sí linn níos déanaí gur Seoirse ainm an duine sin as Sasana (Seorise Mac Tomáis a bhí i gceist). Is annamh a bhaineann Eibhlín úsáid as sloinnte sa chuntas: Eibhlís Bheag, Peats Beag, Cáit Bheag, Peats Cháit, Seán Mháire, Mícheál Óg agus mar sin de a bhíonn aici. Is dócha nach raibh gá le sloinnte toisc go raibh aithne ag daoine ar a chéile san Oileán. Ait go leor tugann sí sloinne Eibhlín (a cara a chuaigh go dtí an Daingean agus a fuair bás ann). Tugann sí Eibhlín Ní Ghuithín uirthi siúd (Ibid 160).

Tá Logainmneacha tábhachtach sa leabhar ach níl an bhéim mhór orthu is atá i saothar Pheig Sayers. Feidhmíonn na logainmneacha ag Eibhlín chun áiteanna a dhealú ó chéile nó mar shampla chun na tobair a dhealú ó chéile: Tobar Chuas an Tairbh, Tobar an Bhuaileteora, agus Tobar na hAille. Ní bhíonn sí ag díriú isteach ar logainmneacha chomh mór sin.

An Teorainn – An Fharraige:

Is léir go bhfeictear do lucht an oileáin gur dream éagsúil iad fein agus go bhfuil deighilt nó idirdhealú eatarthu féin agus lucht Dhún Chaoin. Teorainn fhisiciúil nádúrtha atá ann idir an Blascaod agus an mhíntír. Pobal dlúth ab ea pobal an Bhlascaoid – Gemeinschaft Ferdinand Tönnies. Is fiú cuimhneamh ar an méid a deir A.P. Cohen, freisin, agus é ag trácht ar an ‘boundary’ sa leabhar - *The Symbolic Construction of Community*:

By definition, the boundary marks the beginning and end of a community. But why is such marking necessary? The simple answer is that the boundary encapsulates the identity of the community and, like the identity of an individual, is called into being by the exigencies of social interaction. Boundaries are marked because communities interact in some way or other with entities from which they are, or wish to be distinguished...(Cohen 1985: 12)

Is ionann an tOileán agus an ‘boundary’. Is pobal ann féin pobal an Bhlascaoid. Ní bhíonn Eibhlín ar a suaimhneas os comhair muintir Dhún Chaoin uaireanta. Ag déanamh ar Dhún Chaoin lá:

Nuair a a chuamair amach bhí mórán do mhuintir an pharóiste thíos ar an gcaladh amuigh romhainn, agus bhí sé ina thráigh an-mhór agus fuaireamair an-obair ag iarraidh dul ar an dtalamh ann, agus bhí ana-náire orm féin agus ar Eibhlís roimis an ndream a bhí istigh. Ba dhóigh leat gur chuige a thagann siad ann chun a bheith ag faire ar na daoine. (2002: 26)

Agus na cailíní ar thuras go dtí an Daingean cuirtear iachall orthu rince a dhéanamh os comhair ‘stróinséirí’ agus bíonn an-náire orthu. Is léir go dtagann ceann faoi ar Eibhlín nuair a bhíonn sí i bhfad ó bhaile.

Ar an taobh eile den scéal nuair a chéadchuaigh Peig Sayers go dtí an tOileán agus í nuaphósta bhraith sí siúd ina stróinséir chomh maith agus cuireann sí ceist uirthi féin:

Nuair a dhruideamair isteach bhí dath dubh ar an áit ag daoine, beag agus mór, ag fáiltiú romhainn. Dheineas mo shlí tríothu chomh maith is dob fhéidir liom.

Bhíos ag cuimhneamh conas a chuirfinn suas lena leithéid de bhaile, gan gaol gan cairde in aice liom. Ní raibh aithne agam ar éinne acu a bhí ag crothadh lámh liom. ‘N’fheadar,’ a deirinn liom féin, ‘an dtiocfaidh an lá go deo go ligfead mo chroí leo, nó an ndéanfaidh mé chomh dánúil ina measc is dhéanfainn i measc muintir Bhaile Bhiocáire? (Sayers, 1998: 132)

Bhí an teorainn tábhachtach. Agus bhí na hoileánaigh sásta troid in aghaidh daoine a tháinig go dtí an tOileán ag lorg airgid nó chun toirmeasc éigin a chur ar bun. Stiúraíonn Muiris Mac Conghail sinn go dtí sliocht as *An tOileánach* ina gcuirtear

síos ar bhean a bhí réidh lena páiste féin a chaitheamh leis na póilíní agus lucht cánacha sula ligfeadh sí dóibh teacht isteach san Oileán.

Bhí cúigear ban ar leataoibh agus níor rángaig a ndóthain cloch le caitheamh acu, agus do bhí balcaire maith mic ar bhaclainn dhuine acu, agus nár mhór an gumh nó neameabhair do bhí uirthi, an uair do chuaigh di aon rud eile do dh'fháil ina timpeall, agus do bhí beirt dos na póilíní a d'iarraidh gabháil aníos thrí leacain ghas do bhí féna bun, agus gan faic acu le caitheamh leo – ‘Mo chroí ‘on fiabhal go gcaithfead an leanbh leo!’ ar sise. (Ó Criomhthain, 2002: 52)

Tá píos ag Eibhlín ina gcuireann sí síos ar lucht an phinsin a bheith ag tabhairt cuairt ar an Oileán. Ceaptar gur póilíní ag lorg gadhar iad agus caitear cuid de na gadhair le haill. Ní raibh aon gharda san Oileán agus bhíodh súil amuigh acu féachaint an mbíodh éinne ag teacht chucu chun an dlí a chur i bhfeidhm orthu. Áit ann féin ab ea an tOileán ar go leor slite. In éagmais an gharda agus an tsagairt, bhí saoirse acu nach raibh ag a lán eile ag an am.

Is é an rud is lárnaí maidir le haitheantas na n-oileánach ná an t-oileán féin. Is é an t-oileán mar ionad cónaithe a dhealaíonn na daoine seo ó mhuintir Dhún Chaoin. Cuireann Eibhlín an áit darb as í i láthair ní hamháin mar shuíomh na n-eachtraí ach mar ghné lárnach dá saol. Léiríonn an saothar aici go bhfuil an Gemeinschaft réalaíoch, an pobal beag, i bhfad níos casta ná an teoiric a bunaíodh chun cur síos a dhéanamh air.

Is beathaisnéis an cuntas seo nó ar an laghad cuntas ar shaol an oileáin trí shúile an údair. Ní fhágann sé sin gur cuntas réadúil, cruinn atá ann, áfach. Is cumadóireacht a bhíonn i gceist sa bheathaisnéis chomh maith. D'fhéadfaí a rá, mar sin, gur leagan den fhirinne atá ann. D'fhéadfaí a rá gur Gemeinschaft liteartha eile atá anseo againn ach amháin go bhfuil tréithe an Gemeinschaft seo i bhfad níos mine agus níos cruthanta ná Gemeinschaft Tönnies nó fiú Gemeinschaft Mháirtín Uí Dhireáin.

Leabhar Liosta:

Bergson, Henri (2008). *Laughter – An Essay on the Meaning of the Comic*, Maryland: ARC Manor.

Cohen, Anthony P. (1985). *The Symbolic Construction of Community*, arna chur in eagar ag Peter Hamilton, England: Ellis Horwood Ltd. & Tavistock Publications.

Mac Conghail, Muiris (1987). *The Blaskets – A Kerry Island Library*, Dublin: Country House.

Mac Tomáis, Seoirse (1977). *An Blascaod A Bhí*, Má Nuad: An Sagart.

Ní Riain, Isobel (2002). *Máirtín Ó Direáin – Carraig agus Cathair*, Baile Átha Cliath: Cois Life Teo.

Ní Riain, Isobel (2015). ‘Caidreamh ar Áit: Tábhacht na hÁite sa Saothar Peig – A Scéal Féin’, *Béascna* 9, 44-61.

Ní Shúilleabháin, Eibhlín (2002). *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*, arna chur in eagar ag Mairéad Ní Loingsigh, Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó Cearnaigh, Seán Pheats Tom (1992). *Fiolar an Eireabail Bháin*, Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó Criomhthain, Tomás, (O.) (2002). *An tOileánach*, arna chur in eagar ag Seán Ó Coileáin, Baile Átha Cliath: Cló Talbóid.

(A.) *Allagar na hInise*, arna chur in eagar ag Pádraig Ó Maoileoin, (1977). Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Sayers, Peig, (P.) (1998). *Peig – A Scéal Féin*, arna chur in eagar ag Máire Ní Mhainnín agus Liam Ó Murchú, An Daingean: An Sagart.

Tönnies, Ferdinand (1963). *Community and Society* (Gemeinschaft und Gesellschaft), Nua Eabhrac: Harper Torchbooks.

Tuan, Yi-Fu (1988). 'Strangers and Strangeness', *The Geographical Review*, Vol. LXXVI, 10-19.